



## Téama: Cóir chomhionann? - Cearta an Duine

Chun iniúchadh a dhéanamh ar théama chearta an duine chuireamar trí roinn oibre shainiúla ar fáil. Déanann gach roinn imscrúdú ar ghné ar leith den téama, rud a thairgeann léargais agus dúshláin éagsúla.

**Roinn 1** Mo chearta

**Roinn 2** Do chearta

**Roinn 3** Cearta ag oibriú

Is é atá i ngach roinn:

- Nótaí treorach do mhúinteoirí
- Gníomhaíochtaí
- Acmhainní amhairc agus téacsúla tacaíochta
- Acmhainní ar líne a mholtar

**Ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, tá plé faoi stiúir an mhúinteora, obair ghrúpa, foghlaim fhéinstiúrtha agus ábhair stairiúla ó fhoinsí príomha agus ó fhoinsí tánaisteacha. Is féidir le múinteoirí an cinneadh a dhéanamh cad iad na gníomhaíochtaí don seomra ranga agus do ghrúpa a dhéantar.'**

### Forléargas ar an téama

'Tar éis an tsaol, cá dtosaíonn cearta uilíocha an duine? In áiteanna beaga, cuid acu gar don bhaile – chomh gar agus chomh beag sin nach féidir iad a fheiceáil ar aon léarscáileanna den domhan. Mar sin féin, is iad domhan an duine aonair iad; an chomharsanacht ina bhfuil cónaí air; an scoil nó an coláiste ar a bhfreastalaíonn sé; an mhonarcha, an fheirm nó an oifig ina n-oibríonn sé Is iad sin na háiteanna ina lorgaíonn gach fear, gach bean agus gach páiste ceartas comhionann, comhdheiseanna agus dínit chomhionann gan idirdhealú. Mura bhfuil brí ag na cearta sin sna háiteanna sin, is beag brí atá acu áit ar bith. Gan gníomhaíocht ó dhaoine atá buartha chun na cearta sin a urramú gar don bhaile, obair in aisce a bheidh ann dúinn iad a lorg sa saol mór.'

*Eleanor Roosevelt, 'In Our Hands' (1958, óráid a tugadh ar chomóradh deich mbliana Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine)*

Cad is cearta ann? Saoirsí is ea cearta a thugtar do dhaoine, saoirsí atá bunaithe ar chóras dlíthiúil, ar chonradh sóisialta nó ar theoiric eiticiúil. Breathnaítear ar chearta go minic i ndáil le sainghrúpaí sóisialta (grúpaí mionlaigh) nó i ndáil leis na daoine aonair go léir. Tugtar cearta an duine ar an dara catagóir de na cearta uilíocha. Is saoirsí bunúsacha iad cearta an duine atá bunaithe ar phrionsabal na hurraime don duine agus ar an hipitéis go bhfuil sé tuillte ag gach daonnaí go gcaitear leis go comhionann agus le dínit. Cé nach ndéantar cearta an duine a urramú ná a chur i bhfeidhm i mórán áiteanna ar domhan, tá gach duine i ngach áit i dteideal na cearta sin a bheith aige. Is cuid thábhachtach dár stádas comhchoiteann mar chomhaltaí den daonphobal domhanda é toradh críochnúil a fháil ar chearta an duine. Tá sé chomh tábhachtach céanna díriú ar stair chearta an duine chun go mbeadh forléargas againn ar an éifeacht nó (easpa éifeachta) a bhí ag cearta ar shochaithe. Séanadh a gcearta ar dhaoine le linn na staire agus ba mhinic a bhí orthu dul i muinín



# ÁRAS STAIR NA HEORPA

modhanna síochánta nó modhanna foréigneacha chun iad a fháil ar ais. Leanann na coimhlintí sin go dtí an lá atá inniu ann i mórán páirteanna den domhan.

Chun tuiscint a fháil ar conas a dhéanann cearta an duine difear dúinn inár saol laethúil agus chun ár bhfreagrachtaí in aithint an ghá na cearta sin a chothromú le cearta daoine eile a admháil, teastaíonn uainn tuiscint a bheith againn ar cad is cearta ann. Mar sin, cad is cearta an duine ann? Cad as ar tháinig siad? Conas a théann siad i gcion ar an daonnacht? Cén tionchar a bhíonn acu orm?

## Sainmhínte

### *Ceart an Duine*

Is cearta agus saoirsí bunúsacha cearta an duine a bhfuil na daoine go léir ina dteideal beag beann ar náisiúntacht, gnéas, bunadh náisiúnta nó eitneach, cine, reiligiún, gnéas, teanga, nó stádas eile.

Áirítear ar chearta an duine cearta sibhialta agus polaitiúla, amhail an ceart chun beatha, saoirse agus saoirse cainte; agus cearta sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha, lena n-áirítear an ceart chun páirt a ghlacadh sa chultúr, an ceart chun bia, agus an ceart chun obair agus oideachas a fháil. Déanann dlíthe idirnáisiúnta agus náisiúnta agus conarthaí cearta an duine a chosaint agus urraim a thabhairt dóibh. Is é Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD) bunús an chórais idirnáisiúnta um chosaint chearta an duine. Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe é an 10 Nollaig 1948. Déantar an lá sin a cheiliúradh go bliantúil mar Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine. Le 30 Airteagal an DUCD, bunaítear cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta, agus cultúrtha gach duine. Is fíís é do dhíne an duine a dhearscnaíonn teorainneacha polaitiúla agus údarás agus lena ngeallann na rialtais cearta bunúsacha gach duine a urramú.

(Mar a shainíonn [Amnesty International](#), 2015)

### *Eitici*

Prionsabail mhorálta a rialaíonn iompar an duine nó stiúradh gníomhaíochta.

Brainse an eolais a dhéileáilann le prionsabail mhorálta.

(Mar a shainítear in [Oxford Dictionary](#))

### *Cearta mionlaigh*

Tháinig iarrachtaí ó ghrúpaí neamhcheannasacha chun a ndifríochtaí cultúrtha, creidimh nó eitneacha a chun cinn le cruthú na náisiúnstát san 18ú agus sa 19ú haois. Thosaigh aitheantas agus cosaint chearta mionlaigh faoin dlí idirnáisiúnta le Conradh na Náisiún trí ghlacadh roinnt ‘conarthaí mionlaigh’. Nuair a cuireadh na Náisiún Aontaithe ar bun i 1945 chun teacht in ionad Chumann na Náisiún, d’fhorbair sé freisin, de réir a chéile, roinnt norm, nósanna imeachta agus sásraí a bhaineann le mionlaigh.

(Mar a shainíonn [Oifig Náisiún Aontaithe an Ardchoimisinéara um Chearta an Duine](#), 2010)

### *Pribhléid*

Tairbhe nó buntáiste sonrath ar leith a theachtann duine, cuideachta, nó aicme, thar bhuntáistí coitianta na saoránach eile. Cumhacht nó díolúine eiseachtúil nó urghnách. Ceart, cumhacht, saincheadúnas, nó díolúine a shealbhaíonn duine nó aicme, i gcoinne nó lasmuigh de chúrsa an dlí. Is pribhléid í díolúine ó ualach nó freastal áirithe, lena ligtear le daoine áirithe, de réir thiomhde an dlí go bhfuil na dualgais atá orthu nó na poist a bhfuil siad ina mbun den chineál sin go n-éilíonn siad a gcuid ama agus a gcúram go léir, agus, mar sin, gan an sócamas sin, ní bheadh sé indéanta na dualgais sin a fhorghníomhú chun na tairbhe sin a éilíonn leas an phobail.

(Mar a shainítear san [Fhoclóir Dlí](#))